# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/26 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Eanáir 2021**

**lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle [1], tugadh isteach maolú míosa amháin ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle [2] a mhéid a bhaineann le cinntí chun an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) na cinntí sin. Rinneadh foráil don mhaolú sin go dtí an 23 Aibreán 2020.

(2) Le Cinneadh (AE) 2020/430 foráiltear, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla leanúnacha bonn cirt dó, go bhféadfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin a athnuachan. An 21 Aibreán 2020, le Cinneadh (AE) 2020/556 [3], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse bhreise míosa ón 23 Aibreán 2020. Rinneadh foráil don síneadh sin leis an maolú go dtí an 23 Bealtaine 2020. An 20 Bealtaine 2020, le Cinneadh (AE) 2020/702 [4], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go dtí an 10 Iúil 2020. An 3 Iúil 2020, le Cinneadh (AE) 2020/970 [5], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Meán Fómhair 2020. An 4 Meán Fómhair 2020, le Cinneadh (AE) 2020/1253 [6], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Samhain 2020. An 6 Samhain 2020, le Cinneadh (AE) 2020/1659 [7], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 15 Eanáir 2021.

(3) Ós rud é gur ann fós do na himthosca eisceachtúla a chruthaigh paindéim COVID-19, agus do roinnt bearta coisctheacha agus srianta urghnácha arna ndéanamh ag Ballstáit fós i bhfeidhm, is gá síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430, faoi mar ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, go ceann tréimhse theoranta bhreise go dtí an 19 Márta 2021.

---

(1) Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

(2) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

(3) Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128 I, 23.4.2020, lch. 1).

(4) Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 agus arna shíneadh le Cinneadh (AE) 2020/556, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 165, 27.5.2020, lch. 38).

(5) Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle an 3 Iúil 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556 agus (AE) 2020/702, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 216, 7.7.2020, lch. 1).

(6) Cinneadh (AE) 2020/1253 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena gcuirtear síneadh breise síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 294, 8.9.2020, lch. 1).

(7) Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970 agus (AE) 2020/1253, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 376, 10.11.2020, lch. 3).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh breise leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430, faoi mar ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, go dtí an 19 Márta 2021.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha.

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Eanáir 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS